Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025
(OR. en)

10092/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0284 (COD)**

ENV 502
ENT 95
MI 370
CODEC 778

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE<br>– Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas |

**RÁITEAS ÓN bhFIONLAINN**

Formhuiníonn an Fhionlainn an cur chuige ginearálta agus tacaíonn sí le cuspóirí an rialacháin chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn sa tionscal gluaisteán agus chun a áirithiú go gcaithfear le feithiclí a bhfuil a ré caite ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Cé gur bonn maith é an cur chuige ginearálta le haghaidh tuilleadh caibidlíochta idir na comhreachtóirí, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá na hábhair seo a leanas sa chaibidlíocht atá ar na bacáin.

Ar an gcéad dul síos, is oth linn nach gceadaítear leis an téacs do na Ballstáit a rialú nach féidir le saoráidí cóireála údaraithe feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú agus a chóireáil ach amháin má tá conradh tugtha i gcrích acu le táirgeoir nó le heagraíocht um fhreagracht táirgeoirí. Tá sé sin bunriachtanach dúinn ós rud é go bhfuil an scéim um fhreagracht leathnaithe táirgeora atá againn faoi láthair agus a fheidhmíonn go maith bunaithe ar an gceanglas sin agus go gcumasaítear léi inrianaitheacht feithiclí a bhfuil a ré caite agus a bpáirteanna ó sheachadadh go mionghearradh.

Ar an dara dul síos, is mór againn go bhfuil forbairt dhearfach tagtha ar an sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile le

linn na caibidlíochta. Mar sin féin, is cúis imní dúinn fós cur chun feidhme an tsásra agus an t-ualach nach bhfuil gá leis a chuirfeadh sé ar tháirgeoirí agus ar údaráis.

Ar deireadh, leagaimid béim ar an ngá atá leis na forálacha a bhaineann le pionóis a shoiléiriú chun forfheidhmiú éifeachtach an rialacháin a áirithiú.